



An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

Comhpháirteanna Measúnaithe

Do Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí
agus na hArdteistiméireachta 2026

Meán Fómhair 2025



2026 Réamhrá

Leagtar amach sa cháipéis nuashonraithe seo na socruithe measúnaithe coigeartaithe do scoláirí iar-bhunscoile a dhéanfaidh scrúduithe teastais sa scoilbhliain 2025/26. Thángthas ar chomhaontú maidir leis na coigeartuithe seo trí phlé idir an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ), Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus tá siad cosúil leo siúd a rinneadh do na scoláirí a bhí ag déanamh scrúduithe in 2025.

Rinneadh athruithe ar na socruithe measúnaithe náisiúnta agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an chothromais, na cothroime agus an ionracais toisc go bhfuil feidhm ag na prionsabail seo maidir le measúnú agus scrúduithe agus go dtagraíonn siad do chomparáidí idir scoláirí, idir ábhair agus idir blianta. Tríd is tríd, is féidir breathnú ar na hathruithe mar léiriú agus mar aitheantas ar an gcur isteach ar fhoghlaím na scoláirí ar bhealach cothrom, agus teagmhas ann freisin maidir le cur isteach ar eispéireas foghlama na scoláirí amach anseo a d'fhéadfadh tarlú le linn na scoilbhliana 2025/26. Cuireann siad soiléireacht, deimhneacht agus dearbhú ar fáil do scoláirí, dá dtuismitheoirí/caomhnóirí, do mhúinteoirí agus do scoileanna ag tús na scoilbhliana 2025/2026.

Tugann an doiciméad sonraí faoi na socruithe measúnaithe coigeartaithe do gach tuairisceoir ábhair/modúil i gclár na hArdteistiméireachta Bunaithe, na hArdteistiméireachta Feidhmí, Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí. Nuair a chliceálann tú ar theideal an ábhair ábhartha, tabharfar chuig an leathanach thú ina bhfuil sonraí faoi na socruithe sonracha don ábhar sin.

An tSraith Shinsearach

AN TSRAITH SHINSEARACH

I gcás scrúduithe na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB), na hArdteistiméireachta Feidhmí (AF) agus Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), ní bheidh aon athrú ar fhad na scrúduithe scríofa. I gcás ábhair ATB, cuirfear roinnt roghanna breise san áireamh sna scrúduithe scríofa mar atá mionsonraithe ar an leathanach ábhair ábhartha.

I gcás ábhair ina n-eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) teoracha tionscadail le linn na scoilbhliana 2025/2026, is é an rún atá ann ná na teoracha sin a eisíúint ceithre seachtaine ar a laghad níos luaithe ná mar is gnách. Moltar do mhúinteoirí na tionscadail sin a phleanáil agus a dhéanamh a luaithe is féidir sa chlár staidéir i gcomhthéacs aon bheart sláinte poiblí reatha agus amach anseo a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm. I gcás ábhair inar eisíodh na teoracha oibre cúrsa sa scoilbhliain 2024/2025 agus a bhfuil dáta críochnaithe acu sa scoilbhliain 2025/2026, beidh feidhm ag na gnáth-amlínte críochnaithe.

Is féidir rochtain a fháil ar na socruithe measúnaithe coigeartaithe do Chlár AF agus do GCAT trí chliceáil ar theideal an chlár ar dheis.

Cuntasaíocht	Eolaíocht Talmhaíochta	Sean-Ghréigis
Mata Feidhmeach	Araibis	Ealaín
Bitheolaíocht	Gnó	Ceimic
Staidéar Clasaiceach	Eolaíocht Ríomhaireachta	Staidéar Foirgníochta
Grafaic Dearaidh agus Cumarsáide	Eacnamaíocht	Innealtóireacht
Béarla	Fraincís	Tíreolaíocht
Gearmáinis	Léann Eabhrach	Stair
Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta	Gaeilge	Iodáilis
Seapáinis	Laidin	Matamaitic
Ceol	Fisic & Ceimic	Corpoideachas
Fisic	Liotuáinis	Mandairínis
Polainnis	Polaitíocht agus an tSochaí	Portaingéilis
Oideachas Reiligiúnach	Rúisis	Spáinnis
Teicneolaíocht	Teangacha Neamhchuraclaim	
Clár an Ardteistiméireacht Fheidhmeach	Gairmchlár na hArdteistiméireachta (LCVP)	

An tSraith Shóisearach

AN TSRAITH SHÓISEARACH

Maidir leis an tSraith Shóisearach, tá na socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe do scoláirí atá ag dul isteach sa tríú bliain in 2025 foilsithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), agus tá siad ar fáil anseo:

[Socruithe athbhreithnithe MRB do scoláirí sa tríú bliain in 2025/26.](#)

Beidh íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar agus i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh ar scoláirí a dhéanfaidh scrúduithe deiridh na sraithe sóisearaí in 2026 Tascanna Measúnaithe a dhéanamh do na hábhair ábhartha. Beidh an tuairisceoir gráid a bhronnfar ar na hábhair sin bunaithe ar an scrúdpháipéar amháin. Tá socruithe sonracha curtha i bhfeidhm maidir le Ceol, Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht agus Grafaicí agus tá siad mionsonraithe sa chuid ábhartha.

Ealaín	Staidéar Gnó	Léann Clasaiceach
Béarla	Fraincis	Germáinis
Tíreolaíocht	Stair	Eacnamaíocht Bhaile
Gaeilge	Grafaic	Iodáilis
An Léann Giúdach	Innealtóireacht	Matamaitic
Ceol	Oideachas Reiligiúnach	Eolaíocht
Spáinnis	Theicneolaíocht Adhmaid	Teicneolaíocht Fheidhmeach

AN TSRAITH SHINSEARACH CUNTASAÍOCHT

LEIBHÉAL	SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE	COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026
Ard agus Gnáth	SCRÚDÚ SCRÍOFA Cuid 1 – Cuntasaíocht Airgeadais C1 – 120 marc C2, C3, C4 – freagair dhá cheann ar bith Cuid 2 – Cuntasaíocht Airgeadais Cuid 3 – Cuntasaíocht Bainistíochta	SCRÚDÚ SCRÍOFA Cuirfear C1 malartach breise ar fáil (Aonair/Cuideachta/Monaraíochta) chun rogha a sholáthar Níl aon choigeartú déanta. Beidh C. 5 ar Léirmhíniú na gCuntas Níl aon choigeartú déanta.

AN TSRAITH SHINSEARACH

EOLAÍOCHT
TALMHAÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard & Gnáth

OBAIR CHÚRSA

Eisíonn an tÚdarás Coimre ar Obair Chúrsa bliantúl CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

- Is é 300 marc iomlán na marcanna don pháipéar scríofa.
 - Maireann an páipéar 2.5 uair an chloig ag an dá leibhéal.
 - Léiríonn an páipéar samplach a foilsíodh i bhfómhar na bliana 2020 struchtúr na scrúdpháipéar. Tá 2 chuid ann: A agus B.
- » Tá sraith ceisteanna gearra neamhghaolmhara i gCuid A (10 gceist le 10 marc an ceann) agus tá cuid acu struchtúrtha, cuid eile sionoptach agus cuid eile ina meascán den dá rud. Roinnt rogha inmheánach ar dhá cheist.
 - » Tá ceisteanna fada i gCuid B (cúig cheist le freagairt agus ceithre cinn ag 50 marc an ceann), le ceisteanna struchtúrtha, sionoptacha agus meascán den dá chineál ceisteanna ann.

OBAIR CHÚRSA

Tá tuilleadh treorach maidir leis an Treoir ar fáil i Nóta Faisnéise CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

- Ní dhéanfar aon choigeartú ar an leithdháileadh iomlán marcanna ná ar fhad an scrúdaithe.
- Déanfar an páipéar a choigeartú mar a leanas:
 - » Cuid A – méadú ar rogha le 12 cheist curtha ar fáil agus 10 le freagairt. Ina theannta sin, beidh roinnt rogha inmheánach ann trí inroghnaitheacht inmheánach i gceithre cheist.
 - » Cuid B – beidh rogha níos leithne ann le sé cheist curtha ar fáil agus ceithre cheist le freagairt, agus inroghnaitheacht inmheánach in dhá cheist.

AN TSRAITH SHINSEARACH SEAN-GHRÉIGIS

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceist 1

Ceist 2

Ceist 3: Ábhar atá Leagtha Síos
– Aistriúchán agus ceisteanna lena mbaineann

Ceist 4: Stair, Ealaín agus Ailtireacht, Litríocht
– Ní mór d'iarrthóirí trí cheist a fhreagairt, lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad ó chuid A agus cuid B.

Ábhar atá Leagtha Síos
The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *The Intellectual Revolution* (foilsithe ag Cambridge University Press, 2ú heagrán 2015): Cuid II Túicídídéas, Leathanaigh 72 – 108, an dá leathanach sin san áireamh. (Roghanna i nGréigis agus arna n-aistriú, ó Leabhair Thúicídídéis 6, 7 agus 8.)

Nó

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *A World of Heroes* (foilsithe ag Cambridge University Press, 2ú heagrán 2015): Cuid III Sophocles, Leathanaigh 130 – 172, an dá leathanach sin san áireamh. (Roghanna i nGréigis agus arna n-aistriú, ó *Oedipus Tyrannus* de chuid Sophocles.)

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceist 1: Níl aon Choigeartú déanta.

Ceist 2: Níl aon Choigeartú déanta.

Ceist 3: Ábhar atá Leagtha Síos
– Chomh maith leis an laghdú ar an ábhar atá leagtha síos lena aistriú, beidh na ceisteanna a bhaineann leis an ábhar atá leagtha síos bunaithe ar an ábhar laghdaithe freisin.

Ceist 4: Stair, Ealaín agus Ailtireacht, Litríocht
– Is féidir le hiarrthóirí trí cheist ar bith as na ocht gceist a chuirtear i gCeist 4 a fhreagairt (agus ní gá ceist a fhreagairt ó chuid A agus cuid B araon)

Ábhar atá Leagtha Síos
The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *The Intellectual Revolution* (foilsithe ag Cambridge University Press, 2ú heagrán 2015): Cuid II Túicídídéas, Codanna 13-30 (san áireamh), Leathanaigh 72 – 95 (Roghanna i nGréigis agus arna n-aistriú, ó Leabhair Thúicídídéis 6, 7 agus 8.)

Nó

The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *A World of Heroes* (foilsithe ag Cambridge University Press, 2ú heagrán 2015): Cuid III Sophocles, Codanna 1-16 (san áireamh), Leathanaigh 130 – 154. (Roghanna i nGréigis agus arna n-aistriú, ó *Oedipus Tyrannus* de chuid Sophocles.)

AN TSRAITH SHINSEARACH SEAN-GHRÉIGIS

LEIBHÉAL

Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceist 1: Níl aon Choigeartú déanta.

Ceist 2: Ábhar atá leagtha síos
– Aistriúchán agus ceisteanna lena mbaineann

Ceist 3: Stair, Ealaín & Ailtireacht, Litríocht
– Ní mór d'iarrthóirí trí cheist a fhreagairt, lena n-áirítear ceann amháin ar a laghad ó chuid A agus cuid B.

Ábhar atá Leagtha Síos
The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *Reading Greek – Text and Vocabulary* (Cambridge University Press, 2ú heagrán 2007), Codanna a Cúig Déag go Fiche (san áireamh).

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceist 1: Níl aon choigeartú déanta.

Ceist 2: Ábhar atá Leagtha Síos
– Chomh maith leis an laghdú ar an ábhar atá leagtha síos lena aistriú, beidh an cheist a bhaineann leis an ábhar atá leagtha síos bunaithe ar an ábhar laghdaithe freisin.

Ceist 3: Stair, Ealaín agus Ailtireacht, Litríocht

Is féidir le hiarrthóirí trí cheist ar bith as na hocht gceist a chuirtear i gCeist 3 a fhreagairt (agus ní gá ceist a fhreagairt ó chuid A agus cuid B araon)

Ábhar atá Leagtha Síos
The Joint Association of Classical Teachers' Greek Course: *Reading Greek – Text and Vocabulary* (foilsithe ag Cambridge University Press, 2ú heagrán 2007), Codanna a Cúig Déag go Naoi Déag (san áireamh).

AN TSRAITH SHINSEARACH

MATA FEIDHMEACH

LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

OBAIR CHÚRSA

Treoir bhliantúil le heisiúint chuig scoileanna. Tá 100 marc ag dul don tionscadal.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair gach ceist. Bíodh is go bhfuil an scrúdú curtha i gcomhthéacs laistigh den snáithe aontaitheach (samhaltú matamaiticiúil), déantar measúnú sna ceisteanna ar shnáitheanna 2, 3 agus 4.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

OBAIR CHÚRSA

Gan athrú.
Treoir le heisiúint chuig scoileanna i mí na Samhna 2025 agus an obair le cur isteach i mí Aibreáin 2026. Tá 100 marc ag dul don tionscadal.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist as 10 – tá 50 marc ag dul do gach ceist. Déanfaidh an t-ábhar breise measúnú ar gach ceann de na trí shnáithe neamh-aontaitheacha, agus an chothromaíocht idir na snáitheanna á gcoinneáil go garbh.

AN TSRAITH SHINSEARACH ARAIBIS

LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

LÉAMHTHUISCINT

LITRÍOCHT

Ní mór d'iarrthóirí an dá cheist a chuirtear in aon phéire de na trí réimse seo a leanas a fhreagairt:

- An Córan (35 marc x 2)
- Véarsa clasaiceach Araibise (35 marc x 2)
- Prós nua-aimseartha Araibise (35 marc x 2)

San iomlán, freagraíonn na hiarrthóirí ceithre cheist i gcuid na Litríochta den pháipéar.

ÚSÁID TEANGA/GRAMADACH

SCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH/ CUMADÓIREACHT

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

LÉAMHTHUISCINT

Níl aon choigeartú déanta.

LITRÍOCHT

Cuirfear méadú ar an leibhéal rogha ar fáil d'iarrthóirí. Bainfear é sin amach trí cheist bhreise amháin a chur san áireamh i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

- An Córan (35 mharc X 3)
- Véarsaíocht chlasaiceach na hAraibise (35 mharc X 3)
- Prós nua-aimseartha na hAraibise (35 mharc X 3)

Beidh ar iarrthóirí ceithre cheist ar bith de na naoi gceist a chuirtear ar fáil a fhreagairt.

ÚSÁID TEANGA/GRAMADACH

Níl aon choigeartú déanta.

SCRÍBHNEOIREACHT LEANÚNACH/ CUMADÓIREACHT

Níl aon choigeartú déanta.

AN TSRAITH SHINSEARACH

EALAÍN

LEIBHÉAL

Ard & Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

OBAIR CHÚRSA

Bunaithe ar threoir arna heisiúint ag CSS, ní mór do gach iarrthóir taighde a dhéanamh ar dhéantúsán amháin, sin a fhorbairt agus a chur i gcrích chomh maith le taighde a dhéanamh ar dhéantúsán eile agus sin a fhorbairt i rith tréimhse oibre cúrsa. Déantar an taighde agus an fhorbairt i nDialann Fhísiúil arna heisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

SCRÚDÚ PRAITICIÚIL A NDÉANTAR FEITHEOIREACHT AIR.

Déanfar an dara déantúsán a thabhairt i gcrích le linn scrúdú praiticiúil. Reachtálfar an scrúdú seo tar éis an tréimhse oibre cúrsa a bheith dúnta agus mairfidh sé 5 uair an chloig.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Tá trí chuid sa scrúdú seo –

- Cuid A – Domhan an lae inniu
- Cuid B – An Eoraip agus an domhan mór
- Cuid C – Éire agus a háit sa domhan mór.

Beidh an líon céanna marcanna ag dul do gach ceann de na trí chuid.

Beidh réimse ceisteanna ar faid éagsúla agus le leithdháiltí marcanna éagsúla i gCuid A. Beidh cuid díobh seo bunaithe ar ábhar spreagtha físiúil. D'fhéadfadh líon na gceisteanna athrú ó bhliain go bliain – idir 3 agus 7 de ghnáth, ag brath ar a bhfad. Freagróidh na hiarrthóirí gach ceist sa chuid seo.

Beidh ceist **amháin** i gCuid B bunaithe ar gach ceann de na rannóga *fócais* laistigh den Amharcstaidéar. Freagróidh iarrthóirí ceist **amháin** ón gcuid seo.

Beidh ceist **amháin** i gCuid C bunaithe ar gach ceann de na rannóga *fócais* laistigh den Amharcstaidéar. Freagróidh iarrthóirí ceist **amháin** ón gcuid seo.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

OBAIR CHÚRSA

Eiseofar an treoir 3 seachtaine níos luaithe ná mar a dhéanfaí i ngnáthbhliain.

Ní bheidh ar iarrthóirí an leathanach Togra Deiridh a chríochnú don déantúsán ná do Ráiteas an Ealaíontóra do cheachtar dá ndéantúsáin, arb ionann iad le chéile agus na trí leathanach dheireanacha den Dialann Fhísiúil.

SCRÚDÚ PRAITICIÚIL A NDÉANTAR FEITHEOIREACHT AIR.

Níl aon choigeartú déanta.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

I gCuid A beidh 7 gceist agus na marcanna céanna tugtha dóibh. Freagróidh iarrthóirí 5 cheist ar bith.

Cuid B

Níl aon choigeartú déanta

Cuid C

Níl aon choigeartú déanta.

AN TSRAITH SHINSEARACH

BITHEOLAÍOCHT

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard & Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Páipéar roinnte ina thrí chuid; A, B agus C. Is é 400 marc an marc iomlán don pháipéar. Maireann an páipéar 3 uair an chloig ag an dá leibhéal.

Cuid A – ceisteanna gearra (C1 go C6) – cúig cheist le freagairt as sé cinn.

Cuid B – Ceisteanna praiticiúla éigeantacha (Ceist 7 go Ceist 9) – dhá cheist le freagairt as trí cinn. (Tá 22 gníomhaíocht éigeantach sa chúrsa).

Cuid C – Ceisteanna fada (C10 go C15) – ceithre cheist le déanamh as sé cinn. Tá rogha inmheánach ag baint le dhá cheann de na ceisteanna fada, freagair dhá chuid as trí cinn. Bronntar 60 marc ar gach ceist.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuirfear rogha níos mó ar fáil trí cheisteanna breise a chur ar fáil. Beidh Ceisteanna 1 go 7 (1 go 6 roimhe seo) i gCuid A. Ceisteanna 8 go 10 i gCuid B (7 go 9 roimhe seo) agus Ceisteanna 11 go 17 i gCuid C (10 go 15 roimhe seo).

Cuid A – cuirfear ceist ghearr bhreise san áireamh – Ceist 1, 2, 3, 4, 5, 6 agus 7. Freagróidh iarrthóirí cúig cheist ar bith as seacht gceist.

Cuid B – beidh gach ceann de na trí cheist ailínithe le haonad foghlama ar leith nó le cuid d'aonad:

- Déanfar measúnú i gCeist 8 ar ghníomhaíochtaí ó Aonad 1, fo-aonad 2.1 agus 2.5 – 8 scrúdú praiticiúil san iomlán.
- Déanfar measúnú i gCeist 9 ar ghníomhaíochtaí ó fho-aonad 2.2 – 7 scrúdú praiticiúil san iomlán (1 Ardleibhéal amháin).
- Déanfar measúnú i gCeist 10 ar ghníomhaíochtaí ó Aonad 3 – 7 scrúdú praiticiúil san iomlán.

Freagróidh iarrthóirí dá cheist ar bith as trí cheist.

Cuid C – Rogha mhéadaithe trí cheisteanna breise a chur san áireamh:

- Cuirfear ceist fhada bhreise isteach i.e. chomh maith le C13 a bheith ann, beidh C14 ann a bhfuil struchtúr comhchosúil uirthi.
- Cuirfear cuid bhreise (d) leis an dá cheist a leanas, C16 agus C17 (C14 agus C15 roimhe seo). I ngach ceann den dá cheist seo beidh rogha ag iarrthóirí idir ceithre chuid le freagairt a thabhairt ar dhá cheann ar bith.

Freagróidh iarrthóirí ceithre cheist ar bith as seacht gceist.

AN TSRAITH SHINSEARACH GNÓ

LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid 1 – Ceisteanna Gearra
Freagair ocht gceist as 10.

Cuid 2 – Aonaid CGF 3, 4, 5.

Cuid 3 – Ceisteanna Fada
Ceithre cheist le freagairt.
Ceist amháin le freagairt ó Chuid 1, dhá cheann
ó Chuid 2, agus an 4ú ceist ó Chuid 1 nó ó
Chuid 2.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist as 12 cheist.

Cuid 2 – Aonaid CGF 3, 4, 5.
I bhfianaise na rogha a tugadh isteach laistigh
den scrúdú, beidh aird ag CSS ar chomhaireamh
focal an CGF.

Cuid 3 – Ceisteanna Fada
Cuid 1 agus Cuid 2 – rogha mhéadaithe le
ceithre cheist i ngach ceann (i.e. ceist amháin
bhreise i gcuid 1).

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin ó Chuid 1 agus
ceist amháin ó Chuid 2 agus aon dá cheist eile a
fhreagairt.

AN TSRAITH SHINSEARACH GNÓ

LEIBHÉAL

Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid 1 – Ceisteanna Gearra
Freagair 10 as 15.

Cuid 2 – Ceisteanna Fada
Ceist amháin le freagairt ó Chuid 1 agus dhá
cheann ó Chuid 2, agus an 4ú ceist ó Chuid 1 nó
ó Chuid 2.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Níl aon choigeartú déanta.

Cuid 1 agus Cuid 2 – rogha mhéadaithe (i.e.
ceist amháin bhreise i gcuid 1).

Ní mór d'iarrthóirí ceist amháin ó Chuid 1 agus
ceist amháin ó Chuid 2 agus aon dá cheist eile a
fhreagairt.

AN TSRAITH SHINSEARACH CEIMIC

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard & Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist san iomlán; ní mór dhá cheist ar a laghad ó Chuid A a bheith san áireamh iontu seo.

Tá C4(k) agus C11(c) bunaithe ar na Roghanna.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist ar bith.

Beidh 12 chuid i gCeist 4 agus caithfear 8 gcuid díobh a fhreagairt. Beidh an chéad 11 chuid, 4(a) go 4(k), bunaithe ar an gCroí-shiollabas agus beidh C4(l) bunaithe ar na Roghanna.

Beidh 4 chuid i gCeist 11 agus caithfear dhá cheann a fhreagairt. Beidh C11(a), C11(b) agus C11(c) bunaithe ar an gCroí-shiollabas agus beidh C11(d) bunaithe ar na Roghanna.

Tá Ceisteanna 4(l) agus 11(d) curtha san áireamh chun freastal ar na múinteoirí agus na scoláirí sin a chaith am ar na Roghanna sa Chúigiú Bliain.

AN TSRAITH SHINSEARACH

STAIDEÁR
CLASAICEACH

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard & Gnáth

STAIDEÁR TAIGHDE

STAIDEÁR TAIGHDE

Treoir Bhliantúil ar Thuarascáil an Staidéir
Taighde eisithe chuig scoileanna.
Tá 100 marc ag dul don tionscadal.

Níl aon choigeartú déanta.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

SCRÚDÚ SCRÍOFA

- Tá 400 marc san iomlán don pháipéar scríofa.
- Maireann an páipéar scríofa 2.5 uair an chloig.
- Tá dhá chuid ann, A agus B.

Ní dhéanfar aon choigeartú ar an leithdháileadh iomlán marcanna ná ar fhad ama an scrúdaithe.

Cuid A: Ceisteanna Spreagtha
– Freagair na ceisteanna go léir a chuirtear i láthair.

Cuid A: Níl aon choigeartú déanta.

Cuid B: Ceisteanna Freagraí Fada
Ceist 11: freagair na codanna den cheist seo (rogha inmheánach san áireamh).
Ceisteanna 12-15: freagair ceann amháin de na ceithre cheist.

Cuid B: Tá na ceisteanna sa chuid seo coigeartaithe chun go mbeidh rogha níos fearr ann. Ceist 11a: níl aon choigeartú déanta
Ceist 11b: freagair ceann amháin de na trí cheist a cuireadh i láthair (11bi, 11bii, nó 11biii).
Ceisteanna 12–16: freagair ceann amháin de na cúig cheist a chuirtear i láthair.

AN TSRAITH SHINSEARACH

EOLAÍOCHT
RÍOMHAIREACHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard

OBAIR CHÚRSA: LEIBHÉAL COMÓNTA

Críochnaítear an tionscadal oibre cúrsa thar deich seachtaine, ag tosú i mí Eanáir. Iarrtar ar scoláirí déantúsán ríomhaireachtúil a chruthú agus tuairisc 2500 focal ag gabháil leis.

Tá an obair chúrsa bunaithe ar Shnáithe 3 den tsonraíocht churaclaim, agus measúnú á dhéanamh ar aon cheann, nó ar gach ceann, de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí (TFFanna).

.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A – críochnaigh na 12 cheist ghearra go léir

Cuid B – críochnaigh na 3 cheist fhada go léir

Cuid C – críochnaigh 1 cheist ríomhchlárúcháin
Déantar measúnú ar na teangacha ríomhchlárúcháin Javascript, HTML agus Python.

OBAIR CHÚRSA: LEIBHÉAL COMÓNTA

- Méadófar an tréimhse ama chun an tionscadal oibre cúrsa a chríochnú go 12 sheachtaine scoile agus eiseofar an treoir i mí na Nollag 2025, agus beidh an dáta críochnaithe i mí an Mhárta 2026.
- Cuirfear in iúl do mhúinteoirí cé acu dhá cheann de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí (TFFanna) a bheidh mar phríomhfhócas don obair chúrsa do 2025/2026. Cuirfidh sé sin ar chumas múinteoirí díriú go príomha ar an dá TFF sin idir Meán Fómhair 2025 agus eisiúint threoir na hoibre cúrsa i mí na Nollag 2025. Bheadh cead ag iarrthóirí fós na scileanna atá sealbhaithe acu ón dá TFF eile a úsáid, má rinneadh staidéar orthu, ach d'fhéadfaidís an tionscadal oibre cúrsa a chríochnú go leordhóthanach mura mbeadh críochnaithe acu ach an dá TFF atá liostaithe.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A – críochnaigh 9 gceist ghearra as 12

Cuid B – críochnaigh 2 cheist fhada as 3 cheist

Cuid C – ní bheidh ach 2 chuid sa cheist, seachas 3 cinn a bhí sa pháipéar samplach. Beidh cuid (b) ina cheist neamhiata agus beidh na hiarrthóirí in ann a réiteach féin a dhearadh ar thasc ríomhchlárúcháin.

Is é Python an t-aon teanga ríomhchlárúcháin atá le measúnú sa scrúdú scríofa

AN TSRAITH SHINSEARACH

EOLAÍOCHT
RÍOMHAIREACHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Gnáth

OBAIR CHÚRSA: LEIBHÉAL COMÓNTA

Críochnaítear an tionscadal oibre cúrsa thar deich seachtaine, ag tosú i mí Eanáir. Iarrtar ar scoláirí déantúsán ríomhaireachtúil a chruthú agus tuairisc 2500 focal ag gabháil leis. Tá an obair chúrsa bunaithe ar Shnáithe 3 den tsonraíocht churaclaím, agus measúnú á dhéanamh ar aon cheann, nó ar gach ceann, de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí (TFFanna).

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A – críochnaigh na 12 cheist ghearra go léir

Cuid B – críochnaigh na 3 cheist fhada go léir

Cuid C – críochnaigh 1 cheist ríomhchlárúcháin
Déantar measúnú ar na teangacha ríomhchlárúcháin Javascript, HTML agus Python

OBAIR CHÚRSA: LEIBHÉAL COMÓNTA

- Méadófar an tréimhse ama chun an tionscadal oibre cúrsa a chríochnú go 12 sheachtaine scoile agus eiseofar an treoir i mí na Nollag 2025, agus beidh an dáta críochnaithe i mí an Mhárta 2026.
- Cuirfear in iúl do mhúinteoirí cé acu dhá cheann de na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí (TFFanna) a bheidh mar phríomhfhócas don obair chúrsa do 2025/2026. Cuirfidh sé sin ar chumas múinteoirí díriú go príomha ar an dá TFF sin idir Meán Fómhair 2025 agus eisiúint threoir na hoibre cúrsa i mí na Nollag 2025. Bheadh cead ag iarrthóirí fós na scileanna atá sealbhaithe acu ón dá TFF eile a úsáid, má rinneadh staidéar orthu, ach d'fhéadfaidís an tionscadal oibre cúrsa a chríochnú go leordhóthanach mura mbeadh críochnaithe acu ach an dá TFF atá liostaithe.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A – críochnaigh 9 gceist ghearra as 12

Cuid B – críochnaigh 2 cheist fhada as 3 cheist

Cuid C – ní bheidh ach 2 chuid sa cheist, seachas 3 cinn a bhí sa pháipéar samplach. Beidh cuid (b) ina ceist neamhiata agus beidh na hiarrthóirí in ann a réiteach féin a dhearadh ar thasc ríomhchlárúcháin.

Is é Python an t-aon teanga ríomhchlárúcháin atá le measúnú sa scrúdú scríofa

AN TSRAITH SHINSEARACH

STADÉAR
FOIRGNÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ní mór d'iarrthóirí Ceist 1 (éigeantach) (60 marc) agus ceithre cheist eile as 9 (60 marc an ceann) a fhreagairt.

**SCRÚDÚ AR SCILEANNA PRAITICIÚLA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)**

Tá ar iarrthóirí tástáil scile phraiticiúil 4 uair an chloig a dhéanamh sa chéad seachtain de Bhealtaine.

**COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)**

Ní mór d'iarrthóirí déantúsán, portfóilió deartha agus trí thurgnamh a chur isteach mar chuid dá gcuid oibre cúrsa. Ní mór an obair chúrsa a bheith críochnaithe faoin Aoine dheireanach i mí Aibreáin.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe sa scrúdú scríofa. Iarrthóirí le cúig ó 10 gceist a fhreagairt.

**SCRÚDÚ AR SCILEANNA PRAITICIÚLA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)**

Níl aon choigeartú déanta.

**COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)**

- Bainfear an ceanglas le turgnamh a dhéanamh do scrúduithe 2026.
- Déanfar na marcanna a ath-leithdháileadh ar fud na gcodanna atá fágtha den scéim marcála don déantúsán (50%) agus don phortfóilió deartha (50%).
- 'Treoracha d'iarrthóirí' maidir le hobair chúrsa le heisiúint go luath i mí Mheán Fómhair in ionad mhí na Samhna 2025.
- Áireofar an scéim marcála athbhreithnithe sa cháipéis 'Treoracha d'iarrthóirí' ina bhfuil béim ar na ceanglais maidir le hobair chúrsa agus ar leithdháiltí marcanna do 2026.

AN TSRAITH SHINSEARACH

STAIDEÁR
FOIRGNÍOCHTA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ní mór d'iarrthóirí Ceist 1 (éigeantach) (50 marc) agus trí cheist eile as ocht gcinn (50 marc an ceann) a fhreagairt.

SCRÚDÚ AR SCILEANNA PRAITICIÚLA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)

Tá ar iarrthóirí tástáil scile phraiticiúil 4 uair an chloig a dhéanamh sa chéad seachtain de Bhealtaine.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)

Ní mór d'iarrthóirí déantúsán, portfóilió deartha agus trí thurgnamh a chur isteach mar chuid dá gcuid oibre cúrsa. Ní mór an obair chúrsa a bheith críochnaithe faoin Aoine dheireanach i mí Aibreáin.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe sa scrúdú scríofa. Caithfidh na hiarrthóirí ceithre cheist ar bith as naoi a fhreagairt.

SCRÚDÚ AR SCILEANNA PRAITICIÚLA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)

Níl aon choigeartú déanta.

COMHPHÁIRT: OBAIR CHÚRSA
(LEIBHÉAL COMÓNTA)

- Bainfear an ceanglas le turgnamh a dhéanamh do scrúduithe 2026. Déanfar na marcanna a ath-leithdháileadh ar fud na gcodanna atá fágtha den scéim marcála don déantúsán (50%) agus don phortfóilió deartha (50%).
- 'Treoir d'iarrthóirí' maidir le hobair chúrsa le heisiúint go luath i mí Mheán Fómhair in ionad mhí na Samhna 2025.
- Áireofar an scéim marcála athbhreithnithe sa cháipéis 'Treoracha d'iarrthóirí' ina bhfuil béim ar na ceanglais maidir le hobair chúrsa agus ar leithdháiltí marcanna do 2026.

AN TSRAITH SHINSEARACH

GRAFAIC DEARADH
AGUS CUMARSÁIDE

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard

TASC DALTAÍ

Toradh 1: Moltar leathanach amháin nó dhó.

Toradh 2: Moltar dhá nó trí leathanach.

Toradh 3: Moltar leathanach amháin. 50 marc.

Toradh 4: Comhad cóimeála leictreonach amháin, móide comhaid páirteanna neamhtheoranta. Comhad ríomhlíníochta.

Toradh 5: Cóipeanna crua SolidWorks – Moltar idir dhá agus ceithre leathanach.

Toradh 6: Leathanach amháin. 50 marc.

Toradh 7: Moltar idir dhá agus ceithre leathanach.

Toradh 8: Moltar leathanach amháin.

Toradh 9: Moltar dhá nó ceithre leathanach chomh maith le comhaid leictreonacha SolidWorks. 60 marc.

Gan aon srian ar na páirteanna a chruthaítear. Punann lomlán: Ceithre leathanach déag ar a mhéad.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A (Croíchuid): Ceithre cheist, freagair trí cinn ar bith. Tá 20 marc ag dul do gach ceist i gCuid A.

Cuid B (Croíchuid): Trí cheist, freagair dhá cheann ar bith. Tá 45 marc ag dul do gach ceist i gCuid B.

Cuid C (Roghnach): Cúig cheist, freagraíonn iarrthóirí aon dá cheann de na roghanna a ndearnadh staidéar orthu. Tá 45 marc ag dul do gach ceist i gCuid C.

TASC DALTAÍ

Cuir Toradh 1 agus Toradh 2 le chéile: Uasmhéid molta de thrí leathanach.

Toradh 2 (Toradh 3 roimhe seo): Uasmhéid molta de leathanach amháin. 50 marc.

Toradh 3 (Toradh 4 roimhe seo): Uasmhéid de chomhad cóimeála leictreonach amháin, móide uasmhéid de dheich gcomhad páirte (ach gan níos lú ná cúig cinn). Comhad ríomhlíníochta.

Toradh 4 (Toradh 5 roimhe seo): Cóipeanna crua SolidWorks – Uasmhéid molta de dhá leathanach. Níl gá ann le léiriú fótaírealaíoch níos mó (Toradh 6 roimhe seo). 50 marc.

Toradh 5 (Toradh 7 roimhe seo): Uasmhéid molta de thrí leathanach.

Toradh 6 (Toradh 8 roimhe seo): Moltar leathanach amháin.

Toradh 7 (Toradh 9 roimhe seo): Uasmhéid molta de thrí leathanach chomh maith le comhaid leictreonacha SolidWorks. 60 marc.

Gan níos lú ná cúig chuid agus gan níos mó ná deich gcuid. Punann lomlán: Deich leathanach ar a mhéad.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A (Croíchuid): Ceithre cheist, freagair trí cinn ar bith. Tá 20 marc ag dul do gach ceist i gCuid A.

Cuid B (Croíchuid): Trí cheist, freagair dhá cheann ar bith. Tá 60 marc ag dul do gach ceist i gCuid B.

Cuid C (Roghnach): Cúig cheist, freagraíonn iarrthóirí aon dá cheann de na roghanna a ndearnadh staidéar orthu. Tá 60 marc ag dul do gach ceist i gCuid C.

AN TSRAITH SHINSEARACH

GRAFAIC DEARADH
AGUS CUMARSÁIDE

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Gnáth

TASC DALTAÍ

Toradh 1: Moltar leathanach amháin nó dhó.
Toradh 2: Moltar dhá nó trí leathanach.
Toradh 3: Moltar leathanach amháin.
50 marc.

Toradh 4: Comhad cóimeála leictreonach amháin, móide comhaid pháirte neamhtheoranta. Comhad ríomhlíníochta.

Toradh 5: Cóipeanna crua SolidWorks – moltar idir leathanach amháin agus trí leathanach.
Toradh 6: Leathanach amháin. 60 marc.

Toradh 7: Moltar leathanach amháin nó dhó.
Toradh 8: Moltar leathanach amháin.
Toradh 9: Moltar leathanach amháin go trí leathanach chomh maith le comhaid leictreonacha SolidWorks.
50 marc.

Gan aon srian ar na páirteanna a chruthaítear.
Punann lomlán: Dhá leathanach déag ar a mhéad.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A (Croíchuid): Ceithre cheist, freagair trí cinn ar bith. Tá 20 marc ag dul do gach ceist i gCuid A.

Cuid B (Croíchuid): Trí cheist, freagair dhá cheann ar bith. Tá 45 marc ag dul do gach ceist i gCuid B.

Cuid C (Roghnaigh): Cúig cheist, freagraíonn iarrthóirí aon dá cheann de na roghanna a ndearnadh staidéar orthu. Tá 45 marc ag dul do gach ceist i gCuid C.

TASC DALTAÍ

Cuir Toradh 1 agus Toradh 2 le chéile: Uasmhéid molta de thrí leathanach.
Toradh 2 (Toradh 3 roimhe seo): Uasmhéid molta de leathanach amháin. 50 marc.

Toradh 3 (Toradh 4 roimhe seo): Uasmhéid de comhad cóimeála leictreonach amháin, móide uasmhéid de shé chomhad páirte (ach gan níos lú ná trí cinn). Comhad ríomhlíníochta.

Toradh 4 (Toradh 5 roimhe seo): Cóipeanna crua SolidWorks – uasmhéid molta de dhá leathanach. Níl gá ann le léiriú fótaireálaíoch níos mó (Toradh 6 roimhe seo). 60 marc

Toradh 5 (Toradh 7 roimhe seo): Uasmhéid molta de dhá leathanach

Toradh 6 (Toradh 8 roimhe seo): Moltar leathanach amháin.

Toradh 7 (Toradh 9 roimhe seo): Uasmhéid molta de dhá leathanach chomh maith le comhaid leictreonacha SolidWorks.
50 marc.

Gan níos lú ná trí chuid agus gan níos mó ná sé chuid.
Punann lomlán: Ocht leathanach ar a mhéad.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Cuid A (Croíchuid): Ceithre cheist, freagair trí cinn ar bith. Tá 20 marc ag dul do gach ceist i gCuid A.

Cuid B (Croíchuid): Trí cheist, freagair dhá cheann ar bith. Tá 60 marc ag dul do gach ceist i gCuid B.

Cuid C (Roghnaigh): Cúig cheist, freagraíonn iarrthóirí aon dá cheann de na roghanna a ndearnadh staidéar orthu. Tá 60 marc ag dul do gach ceist i gCuid C.

AN TSRAITH SHINSEARACH EACNAMAÍOCHT

LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

TIONSCADAL TAIGHDE AN SCOLÁIRE

Treoir le heisiúint chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach na hoibre cúrsa agus an leabhrán tuairiscithe digiteach do Thionscadal Taighde an Scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceisteanna Gearrfhreagra
Freagair ocht gceist (rogha inmheánach laistigh de dhá cheist).

Ceisteanna Plé
Freagair ceithre cheist as cúig cheist phlé.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

TIONSCADAL TAIGHDE AN SCOLÁIRE

Treoir le heisiúint chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair 2025.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach na hoibre cúrsa agus an leabhrán tuairiscithe digiteach do Thionscadal Taighde an Scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gceist as 10.
Rogha inmheánach laistigh de thrí cheist ag an Ardleibhéal – freagair (a) agus ceachtar de (b) nó (c).

Freagair ceithre cheist as sé cheist phlé.

AN TSRAITH SHINSEARACH EACNAMAÍOCHT

LEIBHÉAL

Gnáth

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

IONSCADAL TAIGHDE AN SCOLÁIRE

Treoir le heisiúint chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach na hoibre cúrsa agus an leabhrán tuairiscithe digiteach do Thionscadal Taighde an Scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Ceisteanna Gearrfhreagra
Freagair ocht gceist le rogha in dhá cheist.

Ceisteanna Plé
Freagair ceithre cheist as cúig cheist phlé

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

IONSCADAL TAIGHDE AN SCOLÁIRE

Treoir le heisiúint chuig scoileanna i mí Mheán Fómhair 2025.

Tá tuilleadh eolais maidir le críochnú agus cur isteach na hoibre cúrsa agus an leabhrán tuairiscithe digiteach do Thionscadal Taighde an Scoláire ar fáil ar shuíomh gréasáin CSS.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagair ocht gCeist Ghearra as 10 gcinn le rogha i dtrí ag an nGnáthleibhéal – freagair (a) nó (b).

Freagair ceithre cheist as sé cheist phlé.

AN TSRAITH SHINSEARACH

INNEALTÓIREACHT

LEIBHÉAL

Ard

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagraíonn na hiarrthóirí Cuid A (50 marc) agus Cuid B (50 marc) de Cheist 1 agus ceithre cheist eile (50 marc an ceann). Iomlán: 300 marc.

TIONSCADAL DEARADH**SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA**

Tá ar iarrthóirí ábhair a ullmhú agus comhpháirteanna a dhéanamh de réir an liosta ábhar agus na líníochta a thaispeántar in M74A (ML2) faoi dheireadh mhí Aibreáin, roimh sceideal trí lá an Scrúdaithe Phraiticiúil Innealtóireachta.

Eisítear M74A (ML2) ó CSS ó lár mhí Dheireadh Fómhair sa 6ú bliain.

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Rogha mhéadaithe (Oscailte) sa scrúdú scríofa. Éiríonn Ceist 1, Cuid A (50 marc) agus Ceist 1, Cuid B (50 marc) ina gceisteanna neamhspleácha araon. Iarrtar anois ar iarrthóirí sé cheist ar bith as naoi gceist a fhreagairt (50 marc an ceann). Iomlán: 300 marc.

TIONSCADAL DEARADH

Eisiúint luath an tionscadail i Meán Fómhair 2025.

SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA

Ní gá d'iarrthóirí aon chuid den ábhar a ullmhú don chomhpháirt seo den scrúdú.

Féadfaidh an múinteoir Innealtóireachta na hábhair a ullmhú agus na comhpháirteanna a theastaíonn don scrúdú a dhéanamh, de réir an liosta ábhar agus na líníochtaí a eiseoidh CSS in M74A(ML1). Mar rogha mhalartach, féadfaidh an scoil an obair ullmhúcháin seo a chur amach ar conradh.

Déanfar an scéim marcála don chomhpháirt seo a choigeartú mar ní bhronnfar aon mharcanna ar iarrthóirí as obair ullmhaithe. Déanfar na marcanna seo a leithdháileadh ar na codanna eile den scéim marcála.

AN TSRAITH SHINSEARACH

INNEALTÓIREACHT

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA

Freagraíonn iarrthóirí Cuid A (30 marc) agus Cuid B (35 marc) de Cheist 1 agus trí cheist eile (45 marc an ceann). Iomlán: 200 marc.

Taobh istigh de Chuid A de Cheist 1, iarrtar ar iarrthóirí sé chuid as ocht gcuid a fhreagairt agus iarrtar ar iarrthóirí i gCuid B trí chuid as cúig chuid a fhreagairt.

TIONSCADAL DEARADH

SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA

Tá ar iarrthóirí ábhair a ullmhú agus comhpháirteanna a dhéanamh de réir an liosta ábhar agus na líníochta a thaispeántar in M74A (ML2) faoi dheireadh mhí Aibreáin, roimh sceideal trí lá an Scrúdaithe Phraiticiúil Innealtóireachta.

Eisítear M74A (ML2) ó CSS ó lár mhí Dheireadh Fómhair sa 6ú bliain.

SCRÚDÚ SCRÍOFA

I gCeist 1, cuirtear Cuid A agus Cuid B le chéile chun ceist neamhspleách a chruthú a bhfuil 50 marc ag dul di anois.

Sa Cheist 1 nua seo iarrtar ar iarrthóirí ocht gceist ar bith as 13 chuid a fhreagairt.

Méadófar iomlán na marcanna do na ceisteanna atá fágtha ó 45 go 50 marc.

Iarrfar ar iarrthóirí ceithre cheist as seacht gceist (50 marc an ceann) a fhreagairt. Iomlán: 200 marc.

TIONSCADAL DEARADH

Eisiúint luath an tionscadail i Meán Fómhair 2025.

SCRÚDÚ SCILEANNA PRAITICIÚLA

Ní ceadmhach d'iarrthóirí a bheith páirteach in ábhar a ullmhú don chuid seo den scrúdú.

Féadfaidh an múinteoir Innealtóireachta na hábhair a ullmhú agus na comhpháirteanna a theastaíonn don scrúdú a dhéanamh, de réir an liosta ábhar agus na líníochtaí a eiseoidh CSS in M74A(ML1). Mar rogha mhalartach, féadfaidh an scoil an obair ullmhúcháin seo a chur amach ar conradh.

Déanfar an scéim marcála don chomhpháirt seo a choigeartú mar ní bhronnfar aon mharcanna ar iarrthóirí as obair ullmhaithe. Déanfar na marcanna seo a leithdháileadh ar na codanna eile den scéim marcála.

AN TSRAITH SHINSEARACH

BÉARLA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Ard

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 1

Cuid I, Tuiscint: Tá trí théacs ar théama ginearálta ar an scrúdpháipéar. Leanann dhá cheist, A agus B, gach téacs. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A a fhreagairt ar théacs amháin agus Ceist B a fhreagairt ar théacs difriúil. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A amháin, agus sin an méid, agus Ceist B amháin, agus sin an méid, a fhreagairt. **Ní féidir** leis na hiarrthóirí Ceist A agus Ceist B a fhreagairt ar an téacs céanna.

Cuid II, Cumadóireacht: Ní mór do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar cheann amháin de na seacht bpíosa cumadóireachta a leagtar síos.

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 2

Cuid I: An Téacs Aonair
Ní mór do na hiarrthóirí ceann amháin as dhá cheist a fhreagairt.

Cuid II: An Staidéar Comparáideach
Tá rogha ceisteanna ag na hiarrthóirí (ceist amháin as dhá cheist) ar gach ceann de dhá mhodúl as na trí mhodúl atá leagtha síos le staidéar a dhéanamh orthu i mbliain ar leith. Ní mór do na hiarrthóirí ceist a fhreagairt ar dhráma Shakespeareach. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh i gCuid I, an Téacs Aonair, nó i gCuid II, an Staidéar Comparáideach.

Cuid III: Filíocht

Cuid A: Filíocht nach bhfacthas roimhe – Ní mór do na hiarrthóirí ceist amháin as dhá cheist a fhreagairt.

Cuid B: Filíocht atá leagtha síos – Ní mór do na hiarrthóirí ceist amháin as ceithre cheist a fhreagairt.

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 1

Cuid I, Tuiscint: Níl aon choigeartú déanta.
Cuid II, Cumadóireacht: Níl aon choigeartú déanta

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 2

Cuid I, an Téacs Aonair: Níl aon Choigeartú déanta

Cuid II, an Staidéar Comparáideach: Cuirfear ceisteanna san áireamh ar na trí mhodh atá leagtha síos le haghaidh scrúdaithe in 2026. Beidh ar na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar mhodh amháin. Fanfaidh an rogha ceisteanna inmheánach laistigh de na modhanna mar a chéile. I gcás ceisteanna aonair (marcáilte as 70) beidh ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do **dhá théacs ar a laghad** ina bhfreagra.

Beidh feidhm ag na critéir mheasúnaithe chéanna maidir le hiarrthóirí beag beann ar cibé acu a thagraíonn siad do dhá théacs nó do thrí théacs agus ceisteanna 70 marc á bhfreagairt acu i gCuid II de Pháipéar 2, Béarla Ardeibhéil na hArdteistiméireachta, an Staidéar Comparáideach. I gcás ceisteanna dhá chuid (marcáilte as 30 agus 40), beidh ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do théacs amháin mar fhreagra ar chuid (a) agus do **dhá théacs eile** mar fhreagra ar chuid (b).

Tá na ceanglais tagartha atá leagtha amach thuas léirithe i gCuid II de scrúdpháipéar 2013.

Mar is gnách, ní mór d'iarrthóirí freagra a thabhairt ar Dhrámaíocht Shakespeareach. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh i gCuid I, an Téacs Aonair (Macbeth) nó i gCuid II, an Staidéar Comparáideach (Macbeth, The Merry Wives of Windsor).

Cuid III, Filíocht:

Cuid A: Filíocht nach bhFacthas Roimhe – Níl aon choigeartú déanta.

Cuid B: Filíocht atá Leagtha Síos – Ceist filíochta bhreise amháin le cur san áireamh, i.e. beidh ar iarrthóirí ceann amháin de chúig cheist a fhreagairt.

AN TSRAITH SHINSEARACH

BÉARLA

LEIBHÉAL

SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE

COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026

Gnáth

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 1

Cuid I, Tuiscint: Tá trí théacs ar théama ginearálta ar an scrúdpháipéar. Leanann dhá cheist, A agus B, gach téacs. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A a fhreagairt ar théacs amháin agus Ceist B a fhreagairt ar théacs difriúil. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A amháin, agus sin an méid, agus Ceist B amháin, agus sin an méid, a fhreagairt. Ní féidir leis na hiarrthóirí Ceist A agus Ceist B a fhreagairt ar an téacs céanna. Cuid II, Cumadóireacht: Ní mór do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar cheann amháin de na seacht bpíosa cumadóireachta a leagtar síos.

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 2

Cuid I: An Téacs Aonair – Ní mór do na hiarrthóirí trí cheist a fhreagairt. Tá Ceist 1 (10 marc x 2) agus Ceist 2 (10 marc) éigeantach. Tá rogha de thrí mhír thástála ag na hiarrthóirí, agus ceann amháin díobh le freagairt i gCeist 3 (30 marc an ceann).

Cuid II: An Staidéar Comparáideach – Tá rogha ceisteanna ag na hiarrthóirí (ceist amháin as dhá cheist) ar gach ceann de dhá mhodúl as na trí mhodúl atá leagtha síos le staidéar a dhéanamh orthu i mbliain ar leith.

Cuid III: Filíocht

Cuid A: Filíocht nach bhFacthas roimhe – Ní mór do na hiarrthóirí na ceisteanna uile a fhreagairt
Cuid B: Filíocht atá leagtha síos – Ní mór do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar dhán amháin as ceithre dhán. Tá dhá cheist bunaithe ar an liosta dánta le filí a bhaineann le hArdleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus tagann dhá cheann díobh ón liosta dánta atá leagtha síos le staidéar a dhéanamh orthu ar Ghnáthleibhéal amháin. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist 1 agus mír thástála amháin a fhreagairt ó rogha de thrí mhír i gCeist 2.

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 1

Cuid I, Tuiscint: Níl aon choigeartú déanta
Cuid II, Cumadóireacht: Níl aon choigeartú déanta

SCRÚDÚ SCRÍOFA PÁIPÉAR 2

Cuid I, an Téacs Aonair: Ní bheidh aon cheist éigeantach ann. Beidh ar iarrthóirí dá cheist ar bith de na ceithre cheist ar an bpáipéar a fhreagairt. Beidh 30 marc ag dul do gach ceist. Bainfear an t-athrú seo amach trí Cheist 1 agus Ceist 2 atá ann anois a thabhairt le chéile i gceist amháin ina mbeidh trí chuid (10 marc x 3) agus trí cheist 30 marc ar leith a thabhairt do gach cuid de Cheist 3 atá ann anois. Leathnóidh an t-athrú seo rogha na n-iarrthóirí.

Cuid II, an Staidéar Comparáideach: Beidh ceisteanna ar na trí mhodh atá leagtha síos le haghaidh scrúdaithe in 2026 san áireamh sa scrúdpháipéar. Fanfaidh an rogha inmheánach mar a chéile.

Cuid III, Filíocht:

Ceist A: Dán nach bhfacthas roimhe – Níl aon choigeartú déanta.

